

Ceann Máis Breochloiche c.3300-2800RC



An áit ina bhfuil an réad seo le feiceáil

Ard-Mhúsaem na hÉireann -
Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil

Cuir cuairt ar an músaem in áirithe

Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil

NAISC CHURACLAIM

Stair

Sraith:	Scéal
Aonad Sraithe:	Scéalta faoi shaol daoine a mhair san am atá caite
Sraith:	Daoine de chuid luath-thréimhsí agus sochaithe ársa
Aonad Sraithe:	Pobail Chlochaoise

Gaeilge

Sraitheanna:	Teanga labhartha; scríbhneoireacht
Aonad Sraithe:	Mothúcháin agus samhlaíocht a fhorbairt trí theanga

Tíreolaíocht

Sraith:	Timpeallachtaí nádúrtha
Aonad Sraithe:	Pláinéad an domhain sa spás

Drámaíocht

Sraith:	Drámaíocht trína scrúdaítear mothúcháin, eolas agus smaointe, rud as a leanann tuiscint
Aonad Sraithe:	Comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a chumadh

ACMHAINNÍ

- Siosúr, rochtain ar ríomhairí sa rang

CUSPÓIRÍ

- Tosú ag obair amhail is gur staraí tú.
- Déileáil leis an réad ar mhodh atá bunaithe ar fhianaise.
- Plé a dhéanamh faoi ábharthacht agus faoi thábhacht an chinn máis.
- Tosú ar ollmhéid an spáis a thuiscint.
- Tionchar na gréine ar ár bhféilire bliana a aithint.
- Tú féin a chur in ionad na ndaoine a mhair an tráth sin.
- Aitheantas a thabhairt do na naisc idir saol na ndaoine an tráth sin agus saol na ndaoine sa lá atá inniu ann.

MEASÚNACHT

Leathán oibre gníomhaíochta
Scribhneoireacht chruthaitheach
Drámaíocht

DIFREÁIL

Leathán oibre gníomhaíochta
Drámaíocht

CEACHT

- Taispeáin íomhá den Cheann Máis Breochloiche.

Plé A (tuairimíocht)

- Céard é seo dar leat?
- Cén úsáid a baineadh as dar leat?
- Cén aois é dar leat?

Léigh scéal an Chinn Máis Breochloiche

Moltar go n-éistean na leanaí gan an téacs a fheiceáil ar an scáileán, rud is féidir leo a dhéanamh níos déanaí.

Plé B

- Céard é ceann máis?
- Cad as atá an ceann máis seo déanta?
- Cén cineál cloiche é sin?
- Cén fáth go bhfuil an ceann máis seo chomh speisialta sin?
- Céard é tuama pasáiste?
- An féidir leat tuama pasáiste eile a ainmniú? (Sí an Bhrú; Loch Craobh; Dubhadh etc.)
- Cad is eol duit faoi na tuamaí pasáiste sin?
- Dá mbeadh tuama pasáiste á dhearadh agatsa, cén chuid den spéir ab fhearr leat go mbeadh sé ag féachaint amach uirthi?

Leatháin oibre gníomhaíochta

Measúnacht

Difreáil

- Agus iad ag obair ina n-aonar nó i bpéirí, gearrann na daltaí amach boscaí agus ceanglaíonn siad abairtí le chéile.
- Tugann na daltaí tuairisc don rang.

CEACHTANNA BREISE

Scribhneoireacht chruthaitheach

Measúnacht

- Iontráil sa dialann: Maireann tú féin i dtréimhse na Clochaoise gar do Chnóbha. Le linn searmanas speisialta áirithe, faigheann tú deis chun an ceann máis a fheiceáil. Scríobh rud éigin sa dialann don lá sin.

Dramaíocht – diancheistiú

Measúnacht

Difreáil

- Tugtar ról dhéantóir an chinn mháis do dhalta éigin. Glacann an dalta sin le ceisteanna. Cuireann na daltaí eile na ceisteanna air nó uirthi i dtaobh conas a fuair sé nó sí an post sin, cad iad na huirlisí a úsáideadh, cá fhad a thóg sé chun é a dhéanamh etc.
- Tugtar ról duine éigin sa Spáinn do dhálta éigin, is é sin duine éigin a chónaíonn in aice le tuama pasáiste sa Chlochaois agus a bhfuil gach eolas aige nó aici faoi cheann máis Chnóbha. Cuireann na daltaí eile ceisteanna air/uirthi faoi conas atá an t-eolas acu, cén t-eolas atá acu etc.

Drámaíocht – fráma reoite

Measúnacht

Difreáil

- Roinn an rang ina ghrúpaí Tugann gach grúpa léiriú ar cheann de na radhairc seo a leanas:
 - Grúpa a théann go Cnóbha chun an ceann máis a fheiceáil iad féin.
 - Grúpa arb é a gcúram an ceann máis a thógáil amach as an tuama pasáiste le haghaidh searmanais speisialta.
- Ní mór do gach grúpa fráma reoite (íomhá shocair) a chruthú chun na hócáidí sin a léiriú.
- Tugtar buille beag do ghualainn daoine chun iad a athbheochan le míniú a thabhairt faoi cad atá ag tarlú agus faoi conas a mhothaíonn siad etc.

Réada a chuireann na daltaí ar fáil

- Iarr ar na daltaí réada atá tábhachtach ina stair theaghlaigh féin a thabhairt isteach leo.
 - A. Déan físeán de na daltaí agus iad ag caint faoina réada.
 - B. Cruthaigh fóta-scéal trí úsáid a bhaint as réada na ndaltaí. Tá naisc le fáil thíos le háiteanna ina bhfaighfear mínithe ar fhóta-scéal agus ar bhlagáil. Labhraíonn na daltaí faoi na híomhánna ina bhfeictear iad féin agus an réad. Téigh ó dhalta go dalta. Beidh gach dalta sa rang le feiceáil agus le cloisteáil sa chur i láthair.

Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí: [Conas úsáid a bhaint as fóta-scéal](#)
[Conas do fhóta-scéal a bhlagáil](#)

Cuirtear A nó B ar fáil ar láithreán gréasáin na scoile.

Stair áitiúil

- An bhfuil réad is díol spéise ann i gceantar na scoile?